

Ceacht 4 – Vox Pops

@0'02"

Niamh is ainm dom.

Tá mé i mo chónaí sa mBriséal le mo mhuintir le cúpla bliain anuas ó fuair mo mháthair post anseo.

Bhí sé an-deacair ar scoil ar dtús mar gheall nach raibh aon Fhraincis agam.

Bhí deacracht agam na múinteoirí a thuiscint agus bheadh orm go leor ama a chaitheamh ag aistriú mo chuid leabhair scoile le m'obair baile a dhéanamh.

Cé go raibh na daoine ar scoil an-chairdiúil, ba dheacair cairde a dhéanamh gan aon Fhraincis, ach de réir a chéile, d'éirigh liom an Fhraincis a fhoghlaim agus tá neart cairde scoile anois agam.

Tá mé sásta go ndeachaigh mo mhuintir le cónaí sa Bheilg. Tá Fraincis líofa anois agam agus is breá liom í a úsáid.

@0'55"

Pádraig is ainm dom.

Chuathas ar saoire champála go dtí an Spáinn anuraidh le mo mhuintir.

Bhaineas ana-thaitneamh as. Bhí an aimsir ar fheabhas.

Bhí an t-ionad campála ina aice le trá agus chuathas ag snámh ann gach lá.

Ach bhí mí-ádh orm lá amháin nuair a chuir smugairle róin cealg i mo chois.

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo air. Bhí an phian go h-olc.

B'éigean do m'athair mé a thabhairt go dtí an dochtúir ach ba dheacair an rud a bhí orm a mhíniú don dochtúir mar ní raibh aon Spáinnis againn.

Ar deireadh, d'éirigh linn an scéal a mhíniú don dochtúir agus fuarthas an leigheas a bhí uaim.

Ach dá mba rud é go raibh Spáinnis againn, b'fhusa i bhfad plé leis an ndochtúir.

@1'49"

Zena is ainm dom.

Tháinig mo mhuintir chun cónaí i mBaile Átha Cliath ón Bhrasaíl cúpla bliain ó shin.

Bhí sé an-deacair orm ar dtús mar ní raibh mé in ann aon rud a thuiscint ar scoil, agus bhí deacrachtaí agam cairdeas a dhéanamh le páistí eile.

Nuair a bhí mé sa mbaile ní raibh mé in ann mórán a thuiscint ar an teilifís ach an oiread.

Tá an-suim i gceol agam agus theastaigh uaim an piano a fhoghlaim.

D'éirigh le mo mháthair múinteoir ceoil a fháil dom, ach arís, bhí deacrachtaí agam í a thuiscint.

B'éigean do mo mháthair teacht chun na ranganna piano in éineacht liom agus cabhrú liom an múinteoir a thuiscint.

Ach tá feabhas mór ar chúrsaí anois. Níl aon deacrachtaí agam, níos mó, daoine a thuiscint sa tír seo.

É sin ráite, is breá liom go bhfuil mo theanga dhúchais féin ón Bhrasaíl agam.

Sin a labhrann muid sa mbaile.

@2'49"

Séamus an t-ainm atá ormsa.

Tá cónaí orm sa nGaeltacht, Contae na Gaillimhe.

Gaeilge a labhraíonn muid le chéile sa mbaile.

Agus nuair a thosaigh mé ar scoil ní raibh mórán Béarla agam.

Nuair a bhí mé níos óige, bhí stad i mo chuid cainte, agus bhí orm cúnamh a fháil ó theirpeoir cainte.

Ach, faraor ag an am, ní raibh aon theirpeoir thart a raibh Gaeilge aige. Ansin bhí na ranganna i mBéarla.

Thagadh mo mháthair in éindí liom go dtí na ranganna, go bhféadfainn níos mó ciall a bhaint as an teirpeoir.

Cé go raibh go leor deacrachtaí ann, mar gur Gaeilge amháin a bhí agam, mar sin féin, is breá liom go bhfuil mo theanga dhúchais féin agus Béarla agam.

Is Gaeilge a labhrann mé le mo chlann agus le mo chairde agus is breá liom a bheith ag breathnú ar chláracha teilifíse do dhaoine óga ar TG4.

Ach, caithfidh mé a rá, nach bhfuil mórán fháilte roimh an Ghaeilge i go leor áiteanna